

crawford art gallery cork
áiléar crawford chorcaigh

DÁNLANN CRAWFORD CORCAIGH

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2014

CLÁR ÁBHAI

BROLLACH.....	3
RÉAMHRÁ	4
Comhaltaí an Bhoird 2014.....	5
Fochoiste um chúrsaí airgeadais agus dlí.....	5
Fochoiste um iniúchóireacht.....	5
Fochoiste um polasaí ealaíne.....	5
Foireann na Dánlainne.....	6
Oiliúint Foirne.....	7
Tionscnamh na Seirbhísí i gComhar.....	7
Áras na Dánlainne.....	8
Caomhantas.....	9
Éadail maidir leis an mBailiúchán Buan.....	9
Saothair ar Iasacht ón mBailiúchán.....	10
Láithreán Gréasáin na Dánlainne agus an Clár Digitiúcháin.....	10
CLÁR NA DTAISPEÁNTAS SEALADACH 2014.....	10
Suiteálacha Físeáin sna Dánlanna Príomha agus sa Seomra Scáileáin.....	13
AN CLÁR OIDEACHAIS 2014.....	15
MARGAÍOCHT AR DHÁNLANN CRAWFORD	19
CAIRDE DHÁNLANN CRAWFORD.....	19
LÍON na gCUAIRTEOIRÍ	20

Is mór an t-ardú meanman dom thar ceann Chomhaltaí an Bhoird a thuairisciú gur an-bhliain a bhí ann anuraidh ó thaobh Dhánlann Crawford de; bhí taispeántais thábhachtacha d’ealaín stairiúil agus d’ealaín chomhaimseartha ar siúl; bhí ardleibhéal ann maidir le taighde acadúil agus foilseacháin agus bhí clár oideachais a rabhthas níos gnóthaí ná riamh ina bhun. Bhí méadú go seasta ar líon na gcuairteoirí agus bhí an freagra géarmheastóireachta i leith chlár na na Dánlainne an-dearfach.

Tá ról faoi leith cruthaithe ag Dánlann Crawford in Éirinn sa mhéid is gur dánlann mhínealaíne i atá tiomnaithe ní hamháin don ealaín stairiúil ach d’ealaín na an lae inniu ann chomh maith. Is amhlaidh de thoradh an róil dhéigh sin a bhfuil, ní hamháin taighde, foilsiú agus saothair stairiúla i gceist leis, ach i dteannta sin, saothair ealaíontóirí comhaimseartha a thaispeáint agus na saothair sin a chur leis an mbailiúchán, gur sócmhainn chultúrtha an-speisialta, ní hamháin ag muintir Chorcaí ach ag an náisiún ina iomláine Dánlann Crawford.

Sa bhliain 2014 bhí an Dánlann in ann leibhéal sásúil seirbhíse a chur ar fáil don phobal d’ainneoin go raibh uirthi aghaidh a thabhairt ar dhúshlán airgeadais leanúnacha. Tá Dánlann Crawford ar cheann de na Forais Chultúrtha Náisiúnta a fhaigheann deontas i gcabhair gach bliain ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. I gcomhthéacs an mhéadaithe ar sheirbhísí i gcomhar le forais chultúrtha náisiúnta eile, go háirithe le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann caomhnaíodh sainiúlacht Dhánlann Crawford agus tá curtha léi de réir mar atá na socruithe oibre nua á dtabhairt chun cinn. Tionóladh cruinniú de na trí bhord i nDánlann Crawford an 20 Deireadh Fómhair 2014.

i gcónaí agus tháinig líon mór daoine i láthair, rud a léiríonn an ról tábhachtach atá leis an Dánlann maidir le sárlón cultúir a chur ar fáil i gCorcaigh agus go náisiúnta.

Is mian liom buíochas an bhoird agus na foirne ar fad sa Dánlann a chur in iúl do Tim Lucey, an comhalta boird atá ag éirí as oifig, as an obair a rinne sé ar mhaithe le Dánlann Crawford agus as a dhúthrachtaí a rinne sé í. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Norah Norton, le Vera Ryan, le Frank Nyhan agus le Joe Hayden freisin as an gcion oibre fiúntach a rinne siad maidir le coistí speisialaithe arna mbunú ag an mbord.

Tháinig na Canova Casts sa bhliain 1819 agus cuireadh ar taispeáint don phobal iad; tá an bailiúchán ealaíne sin anois i nDánlann Crawford agus ba lón oideachais, foinse inspioráide agus chúis áthais é do chuairteoirí ó shin i leith. Bhí sé d’aisling ag bunaitheoirí na Dánlainne, agus ag William Horatio Crawford féin, seirbhís a chur ar fáil don phobal, agus tá sé de phribhléid againn anois bheith in ann leanúint ar aghaidh agus an fíor a dhéanamh den aisling sin sa 21ú haois. Is mór ag an mbord a ndéanann an fhoireann i nDánlann Crawford agus moltar an cumas atá acu clár dinimiciúil a chur i gcrích in ainneoin na ndúshlán airgeadais.

John R Bowen
Cathaoirleach

RÉAMHRÁ

Sa bhliain 2014 rinne Dánlann Crawford a ról mar Fhoras Chultúrtha Náisiúnta a dhaingniú, agus chuir sí leis an réimse leathan seirbhísí a sholáthraítear inti don phobal. D'éirigh go han-mhaith le taispeántais Micheal Farrell agus Samuel Palmer i dtuairim idir léirmheastóirí agus an phobail agus ba dhíol spéise é taispeántas Samuel Forde agus an chaoi ar thug sé suntas d'ealaíontóir breá Éireannach ó luathbhlianta an naoú haois déag. Tugadh tús áite i gcónaí do chaomhnú agus d'athchóiriú na saothar sa bhailiúchán agus rinneadh dul chun cinn suntasach go háirithe i ndáil le caomhnú na bportráidí ón naoú haois déag, ara n-áirítear Our Mutual Friend, ar ghné de thaispeántais na linne sin iad.

Cuireadh roinnt saothar nua leis an mbailiúchán, go háirithe péintéireacht mhór le Micheal Farrell, maille le dhá pictiúir ina léirítear eachtraí ón mBíobla a bhronn cara buan na Danlainne uirthi. Coinníodh ar siúl clár na dtaispeántas sealadach; ar na ceanna suntasacha áirítear taispeántas Micheal Farrell agus taispeántas an ealaíontóra chomhaimseartha, Mark Clare. Bhí an fhoireann i mbun oibre d'fhonn a chinntiú gur cuireadh gach gné den chlár i gcrích ar bhealach proifisiúnta. Tháinig líon ba mhó ná 170,000 cuairteoir chuig an Dánlann idir mí Eanáir agus mí na Nollag. Fuair an Dánlann deontas i gcabhair sa bhliain 2014 ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta mar a fuair an bhliain roimhe sin. Lean an Dánlann ag oscailt don phobal tráthnóna Déardaoin i rith na bliana.

A bhuí le saineolais miondíola a bhí ar fáil faoi thionscnamh na Seirbhísí i gComhar ón nGailearaí Náisiúnta, cuireadh réimse de tháirgí nua leis an stoc i siopa leabhar Crawford.

Maidir le cúrsaí idirnáisiúnta cuireadh pleananna i bhfeidhm i gcomhar le AIB chun saothair ó bhailiúchán Dhánlann Crawford a chur ar taispeáint Londain in 2015 in éineacht le saothair ó bhailiúchán breá AIB d'ealaín Éireannach ón bhfhichiú haois.

Mar ab amhlaidh riamh bhí gníomhaíochtaí Dhánlann Crawford dírithe go príomha ar an mbailiúchán buan de shaothair stairiúla agus comhaimseartha. Sa bhliain 2014 le cúnamh ó intéirneachtaí taighde cuireadh leis an tuiscint agus an t-eolas ar an mbailiúchán buan.

Bhí seacht gcinn de chruinnithe ag an mBord Stiúrtha i rith na bliana. Bhí cruinnithe rialta ag fochoistí a phléann le cúrsaí airgeadais agus cúrsaí dlí, leis an bpolasaí ealaíne agus le margaíocht agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le próifíl agus éifeachtacht oibriúcháin na Danlainne a thabhairt chun cinn. Le cúnamh ón Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus ó oifigigh de chuid na Roinne, d'éirigh cuid mhór leis an Dánlann an ní a raibh súil ag an bpobal leis, i ndáil le taispeántais, éadail agus tionscnaimh oideachais, a thabhairt i gcrích. Leis an laghdú ar an mbuiséad, áfach, agus leis an dóigh go dtarlódh laghdú breise i rith na mblianta amach romhainn, tharla maolú dosheachanta ar an méid a mbeadh súil leis maidir le forás leanúnach. D'fhéadfaí a rá faoin mbliain 2014, mar ab amhlaidh i gcás na bliana roimhe seo, , gurbh í an chobhsaíocht ba mhó a bhí i gceist i rith na bliana, cé go ndearnadh dul chun cinn leanúnach maidir leis an gclár oideachais agus foghlama trí bhearta nua go háirithe i réimse an chaidrimh phoiblí. Agus Oifig na nOibreacha Poiblí ag feitheamh le haistriú críochnúil maidir le teideal an árais faoin dlí, lean an Bord agus lucht bainistíochta na Danlainne de chúram a dhéanamh den obair chothabhála ar an bhfoirgneamh.

€1,130,000 a bhí i leithdháileadh na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta leis an Dánlann in 2014, €381,000 an leithroinnt pá don bhliain agus €587,000 an leithroinnt neamhphá. B'ionann an leithroinnt caipitil i leith na bliana 2014 agus €162,000.

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchóireacht ar chuntais na Danlainne maidir leis an mbliain i rith mhí Lúnasa 2014.

Níorbh fhéidir le Dánlann Crawford aon chuid den obair a dhéantar a chur i gcrích d’uireasa tacaíocht ón Roinn Ealaíon agus ó go leor daoine agus cuideachtaí aonracha eile. Tá an fhoireann ar fad faoi chomaoín ag an tacaíocht agus ag an obair a rinne an Bord Stiúrtha trína gcuirtear ar chumas Dhánlann Crawford aidhmeanna bhunaitheoirí na Dánlainne a bhaint amach trí eachtra saibhríthe i ndáil le saol an duine a chur ar fáil.

Bunú faoin Dlí

Tháinig bord stiúrtha na cuideachta “Crawford Art Gallery Cork Ltd”, arna clárú i mí na Samhna 2006, le chéile seacht n-uair i rith na bliana 2014.

Naoinúr comhaltaí atá ar an mbord, comhaltaí ina measc arna n-ainmniú ag Comhairle Chathair Chorcaí, Comhairle Chontae Chorcaí agus Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí, aon chomhalta amháin ag gach eagraíocht.

Ceaptar Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Chorcaí ar bhonn *ex officio*.

Comhaltaí an Bhoird 2014

- John R. Bowen (Cathaoirleach)
- Jim Corr
- Una Feely
- Tim Brosnan
- Ann Doherty, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Chorcaí *ex officio* (arna ceapadh Mí Dheireadh an Fhómhair 2014)
- Sheila Maguire
- Kevin Lonergan
- Noel O’Keeffe
- Declan Moylan
- Tim Lucey (D’éirigh as oifig Aibreán 2014)

Tá Comhaltaí an Bhoird ina stiúrthóirí ar chuideachta arna clárú mar Chuideachta Cheadúnas Ráthaíochta. Is é Peter Murray, Stiúrthóir na Dánlainne, Rúnaí na Cuideachta.

Fochoiste um Chúrsaí Airgeadais agus Dlí

- Ann Doherty (Cathaoirleach)
- Joe Hayden
- Frank Nyhan
- Jim Corr

Fochoiste um Iniúchóireacht

- Joe Hayden (Cathaoirleach)
- Ann Doherty
- Frank Nyhan
- Jim Corr

Fochoiste um Polasaí Ealaíne

- Sheila Maguire (Cathaoirleach)
- Una Feely
- Vera Ryan
- Norah Norton

ATHBHREITHNIÚ AR CHÚRSAÍ OIBRIÚCHÁIN I RITH NA BLIANA 2014

Ba í an bhliain 2014, an t-ochtú bliain ag an nDánlann ag oibriú go neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí mar a bhíodh). Bhí cruinniú ag an mBord gach re mí i mbun maoirseachta ar fhorbair straitéiseach, ar oibriúcháin agus ar an gclár taispeántas an tráth céanna a raibh tionscnamh na Seirbhísí i gComhar á chur chun cinn. Deloitte a chuir na seirbhísí airgeadais agus cuntasáiochta ar fáil i rith na bliana.

Chuathas i ngleic go páirteach in 2014 leis an easpa foirne a ainmníodh i bplean Forbartha Straitéiseach na Dánlainne nuair a ceadáíodh dhá phost pháirtaimseartha, Bainisteoirí Oibriúcháin agus Oifigeach Cuntais, ar phoist ar conradh a bhí iontu go n-uige sin. Bhí na poist sin ina n-ábhar do phróiseas agus de cheapacháin earcaithe a rinneadh i leith an dá ról i mí na Nollag 2014. Ba bhac arís ar bhailiú airgid agus ar chur chun cinn na Dánlainne níos forleithne nach raibh Oifigeach Margaíochta ná Oifigeach Forbartha ar fáil. Ina ainneoin sin, leanadh de chlár taispeántas agus oideachais a chur ar fáil lenar bhain leibhéal ard táirgíochta agus cáilíochta.

Tá rún i gcónaí úinéireacht áras na Dánlainne a aistriú go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí agus an úinéireacht ar bhailiúchán ealaíne na Dánlainne a aistriú chuig an Aire.

Go dtí go mbíonn an t-áras agus an fearann faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí, tá an Bord ag cur sraith bearta feabhsúcháin i bhfeidhm. Orthu sin bhí deisiúcháin dín, uasghrádú líonraí sreangaithe agus ríomhaire. Leanadh de choipeanna taca de thaifid ríomhaireachta na Dánlainne a dhéanamh go huathoibríoch ar láthair eile i rith na bliana 2014.

Rinneadh oibriúcháin shuntasacha feabhsúcháin ar na córais leictreachais sa Dánlann i rith na bliana.

Bhí ionann agus gach spás taispeántais sa Dánlann oscailte don phobal i rith na bliana, léiriú ar an dea-thoradh ar an obair mhaith maidir le cóir nua agus feabhsúchán.

Foireann na Dánlainne

- Stiúrthóir: Peter Murray
- Bainisteoir Oibriúcháin (páirtaimseartha): Norma Cuddihy
- Cuntais (páirtaimseartha): Catherine Nestor
- Oifigeach Taispeántas: Dawn Williams
- Oifigeach Taispeántas/Oideachais (páirtaimseartha): Anne Boddaert
- Freastalaí: Alex Walsh
- Freastalaí: Wendie Young
- Freastalaí: Philip Lyons
- Glantóir páirtaimseartha: Margaret Kenneally
- Glantóir (páirtaimseartha): Rita Dee
- Glantóir (páirtaimseartha): Kathleen Madden
- Glantóir (páirtaimseartha) Betty O'Mahony

Ba bhac arís ar bhailiú airgid agus ar an Dánlann a chur chun cinn níos forleithne nach raibh Oifigeach Margaíochta ná Oifigeach Forbartha ar fáil. Fuarthas cead, áfach, do phost an Chláraitheora a fhógrófar in 2015.

Bhí oiliúint á chur ar fhoireann na dánlainne ar bhonn leanúnach trí mhaoirseacht agus mheasúnacht i mbun a gcuid oibre dóibh. Chuir foireann na Dánlainne oiliúint ar fáil freisin ar bhonn leanúnach do intéirnigh socrúcháin. Líonadh dhá phost Job Bridge go rathúil i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Chuir comhairleoirí a raibh saineolais acu ar réimsí éagsúla, mar atá bainistiú cuairteoirí, sábháilteacht ó dhóiteáin agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, oiliúint speisialta ar fáil sa Dánlann d'fhoireann na Dánlainne.

Tionscnamh na Seirbhísí i gComhar

Cuireadh tuarascáil a d'ullmhaigh Clare O'Meara faoi Chéim a hAon den Tionscnamh um Sheirbhísí i gComhar idir Dánlann Crawford, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, i gcúrsaíocht do chomhaltaí an bhoird. Tionóladh cruinniú iomlánach ag a raibh lucht foirne ó na trí fhoras sa Ghailearaí Náisiúnta ar an 18 Márta. Leanadh ar aghaidh le Céim a Dó den tionscnamh in 2014, a ndearnadh cruinnithe a eagrú, smaointe a mhalartú agus saineolais agus doiciméadú a chomhroinnt lena linn. Ba tairbhe i ndáil le miondíol an bunachar sonraí soláthróra a chuir Lydia Furlong ón NGI i dtoll a chéile thar tréimhse na ndeich mbliana seo caite.

Rud eile a chuaigh chun tairbhe Dhánlann Crawford ba ea intéirneacht comhtháite nua maidir le caomhantais, toradh eile ar Sheirbhísí i gComhar, sa mhéid is go ndearnadh measúnú proifisiúnta-faoi mhaoirseacht Simone Mancini, ceann caomhantais sa Ghailearaí Náisiúnta ar shaothair ealaíne a raibh caomhnú agus athchóiriú de dhíth orthu.

Leanadh den phlé maidir le ráthaíochtaí Stáit (nach dtagann faoi reachtaíocht shonrach) agus maidir le slánaíochtaí Stáit, d'fhonn coigilteas costais bhreise a bhaint amach. Tionóladh cruinniú in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann ar an 23ú Meitheamh le haghaidh stiúrthóirí, cathaoirleacha agus Bhainisteoir Tionscadail na Seirbhísí i gComhar. Tionóladh an cruinniú trípháirteach den Bhord ar an 20 Deireadh Fómhair i nDánlann Crawford. I measc na ndaoine a d'fhreastal air bhí Cathaoirleach agus Stiúrthóir Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, Michael Cush agus Sean Rainbird faoi seach, agus Eoin MacGonigal agus Sarah Glennie, Cathaoirleach agus Stiúrthóir Áras Nua-Ealaíne na hÉireann. Bhí comhaltaí boird eile de Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus d'Áras Nua-Ealaíne na hÉireann i láthair chomh maith, mar aon le comhaltaí boird Dhánlann Crawford.

Bhí an Plean d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí i mí na Samhna 2011, ar tháinig tionscnamh na Seirbhísí i gComhar idir Dánlann Crawford, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann de thoradh air, ina shiocair le saineolas agus acmhainní a chur i gcomhar. Bhí tairbhe suntasach as eolas a roinnt ar fud chuid leathan den réimse oibriúcháin, lena n-áirítear Acmhainní Pearsanra, soláthar, TE agus bainistíocht bailiúcháin. Bhí cruinnithe rialta ar siúl idir baill foirne ó Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, ó Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus ó Dhánlann Crawford.

D'aontaigh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Heather Humphries an tionscnamh Sheirbhísí i gComhar agus thug sí tacaíocht ar bhonn leanúnach d'iarrachtaí na bhforas chun an réimse fiúntach comhair seo a chur chun cinn.

Cuireadh tuairisc mheitheal tionscadail na Seirbhísí i gComhar don bhliain 2014 faoi bhráid na mBord i ngach ceann de na trí fhorais agus faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Pléitear sa tuairisc leis na réimsí seo a leanas: Rialachas Corparáide; Árachas ar Árais; Pá-rolla; Córais maidir le hAcmhainní Daonna; Oiliúint; Margaíocht agus Turasóireacht Chultúir; Miondíolachán; Íomhánna agus Ceadúnais ina leith; Cúrsaí Tráchtála; Bailiúcháin a Chaomhnú agus Grianghrafadóireacht; Bainistíocht, catalógú, meiteashonraí, digitiúcháin, bailiúcháin ar líne agus forbairt láithreán; Stóráil Bailiúcháin agus Árachas Slánaíochta.

Tá comhordú déanta maidir le gnáis soláthair na dtrí fhoras.

Bhí cruinnithe ar siúl go tráthrialta idir lucht foirne ó na forais éagsúla, chomh maith le cruinniú iomlánach.

Tríd is tríd, tá toradh tairbheach ar thionscnamh na Seirbhísí i gComhar. Tá sin tugtha le chéile faoin gComhaontú Seirbhísí i gComhar trína dtreoraítear agus a rialaítear seirbhísí a chur i gcomhar ionas go dtugtar sábháil airgid agus éifeachtúlacht bhreise i gcrích, go háirithe i ndáil le soláthar, Acmhainní Daonna, an bhainistíocht ar bhailiúcháin, margaíocht agus cúrsaí tráchtála. Tionóladh comhchruinniú de bhoird Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Dhánlann Crawford agus an Ghailearaí Náisiúnta in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann i mí Meán Fómhair 2014 ag ar síníodh an Comhaontú Seirbhísí i gComhar idir na forais.

Áras na Dánlainne

Cuireadh feabhas ar chúrsaí slándála sna stórtha ealaíne tar éis dul i gcomhairle le RMS Security.

Rinne ETS suirbhé ar na painéil sreangaithe agus dáileacháin sa Dánlann Sa suirbhé ainmníodh na codanna de chiorcaid leictreacha ba mhó ar ghá uasghrádú a dhéanamh orthu. Cuireadh tús le Céim 1 de na hoi-briúcháin i mí na Samhna 2014.

Thug RMS iniúchadh sábháilteachta ar an áras chun críche i mí Meithimh faoi mhaoirseacht Norma Cud-dihy, an Bainisteoir Oibriúcháin. Bhí oiliúint sábháilteachta don fhoireann cuimsithe san iniúchadh.

Mar gheall ar chomhairle ó lucht árachais na Dánlainne, O’Leary Insurances, cuirtear na saothair ealaíne ar fad i mbailiúchán Crawford faoi árachas mar aon ghrúpa amháin, faoi árachas Bhord Oideachais agus Oil-iúna Chorcaí maidir le hárais agus bailiúcháin, agus luaitear leas Dhánlann Crawford maidir le haon saothar a ndearnadh éadail air i rith na bliana 2007 nó ó shin i leith.

Níl aon chuid de bhailiúchán buan na Dánlainne a thagann faoi shocrú slánaíochta de chuid an rialtais, ach bíonn leas ag an Dánlann ó am go chéile as slánaíocht den sórt sin nuair a bhíonn saothair ardluacha á bhfáil ar iasacht ó iarsmalanna eile.

Leanadh den obair maidir lena bhfuil i mbailiúchán buan na Dánlainne a liostáil agus maidir le sonraí cat-alóige a iontráil sa phacáiste bogearra bainistithe bhailiúcháin ArtBase.

Leanadh den obair chun gloine neamh-fhrithchaiteach a chur ar fáil mar chumhdach cosanta os comhair pictiúr áirithe sa bhailiúchán buan, chomh maith le hobair chaomhnúcháin, frámála, grianghrafadóireachta agus catalógaithe a thabhairt chun cinn.

Cuireadh bailiúchán buan na Dánlainne i láthair ar fud an fhoirgnimh, i nGailearaithe Gibson, i Seomra Chorcaigh an Ochtú Céad Déag agus i Seomra Penrose, i Seomra na Saothar Uiscédhatha, sna Gailearaithe Nua-Ealaíne, i Seomra Harry Clarke agus sna Gailearaithe Dealbhadóireachta.

Mar gheall ar laghdú na gcistí don Dánlann, is beag ceannachán a rinneadh i rith na bliana ar shaothair ealaíne don bhailiúchán buan. An éadail ba shuntasáí (trí cheannach) ba ea péintéireacht le Michael Farrell. Fuarthas roinnt saothar áfach mar bhronntanais.

Caomhantas

I an Mheithimh 2014 cuireadh tús le tionscadal píolótach trí mhí ar fhad mar ar chuir speisialtóir caomhantais ón nGailearaí Náisiúnta tuarascálacha measúnaithe reachta i gcrích agus shonraigh an obair chaomhnúcháin a bhí ag teastáil ar phictiúir thábhachtacha i mbailiúchán Dhánlann Crawford.

I measc na bpictiúr a ndearnadh obair chaomhnúcháin agus athchóiriúcháin orthu i rith na bliana, bhí sé cinn de phortráidí de chuid an naoú céad déag le James Butler Brennan.

Éadail maidir leis an mBailiúchán Buan

Michael Farrell Winter Landscape – Vineyard oladhathanna ar chanbhás.

Cheannaigh Cairde na Dánlainne Portrait of John Sheares, pictiúr i bhformáid laghdaithe le John Comerford ag díolachán Adams agus ina dhiaidh sin bhronn siad an saothar ar Dhánlann Crawford.

Bhronn Alison Walsh as Tivoli dhá pictiúir, Deposition (copy after Annibale Carracci) and The Rest on the Flight into Egypt, cóipeanna le holadhathanna ar chanbhás an dá cheann de shaothair níos sine ón ochtú céad déag nó ón naoú céad déag, ar an Dhánlann. Cuireadh an dá phictiúir ar taispeántas sa Ghailearaí Uachtarach mar chuid den taispeántas Distant Relations.

Bronnadh dhá shaothar ar an Dánlann i mí Iúil, greanadh ceann amháin acu, Snap Apple Night le Daniel Maclise, ó lár an naoú céad déag, , agus prionta pointe tirim an ceann eile, dar teideal Sid, leis an ealaíontóir comhaimseartha Helen Farrell as Corcaigh.

D'éirigh go han-mhaith le taispeántas siarbhreathnaitheach William Scott i Músaem Uladh i mBéal Feirste a raibh an phéintéireacht le Scott ó bhailiúchán Dhánlann Crawford ar na saothair ba mhó a cuireadh suntas iontu.

Leanadh de saothair ar iasacht ó bhailiúchán Crawford a chur ar taispeáint i roinnt foirgneamh tábhachtach a bhfuil an teacht ag an bpobal orthu réasúnta maith. Leanadh ar aghaidh i rith na bliana 2014 le hiasacht *The Battle of the Birds*, péintéireacht ón seachtú céad déag le Frans Snyders, i dTeach Fhóite, agus le hiasacht shaothar eile ag Áras an Uachtaráin agus ag Seomra na Comhairle agus ag Oifig an ArdMhéara i Halla na Cathrach, Corchaigh. Fuarthas iarratas ó Oifig na nOibreacha Poiblí ag impí ar Dhánlann Crawford teacht i gcabhair uirthi chun taispeántais i dTeach Laighean a chur i dtoll a chéile. Bheadh na taispeántais ag díriú ar phorthráidí daoine ón saol polaitiúil agus bheadh na hiasachtaí cosúil leo sin a cuireadh ar taispeánt cheana in Áras an Uachtaráin.

Láithreán Gréasáin na Dánlainne agus an Clár Digitiúcháin

Faoi mhí na Nollag 2014, b'ionann líon iomlán na saothar ealaíne as an mbailiúchán buan a raibh an ghrianghrafadóireacht déanta orthu agus 3,200. Cuireadh caoi ar shuíomh gréasáin na Dánlainne agus cuireadh breis leis. Rinneadh uasdátú go rialta ar na leathanaigh maidir le cúrsaí oideachais agus taispeántais, agus ar an siopa leabhair ar líne.

Trí láithreán gréasáin gníomhach tarraingteach a chur ar fáil, tá acmhainn náisiúnta mhórhábhachtach ealaíne agus oideachais á coimeád ag Dánlann Crawford ar an idirlíon, a bhfuil fáil air ag an duine aonair, ag scoileanna agus ag coláistí ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Déantar leasú go rialta ar an láithreán gréasáin, i ndáil le taispeántais atá, a bhí agus a bheidh ar siúl.

CLÁR NA DTAISPEÁNTAS SEALADACH 2014

I rith na bliana 2014 cuireadh clár uailmhianach de níos mó ná deich dtaispeántas agus tionscadal chun cinn agus cuireadh i láthair laistigh den Dhánlann iad. Leanadh de dhíriú go straitéiseach maidir le clár na dtaispeántas ar thús a chur le taispeántais stairiúla trína gcuirtear ealaín na hÉireann i láthair i gcomhthéacs gluaiseachtaí idirnáisiúnta.

Francesca Costanzo agus Marica Gagliardi, Intéirnígh faoi Chlár Leonardo, a bhí i mbun na coimeádaíochta ar *Our Choice*, taispeántas bliantúil de shaothair ealaíne ón mBailiúchán arna roghnú ag daoine ón bhfoireann. Bhí an bhéim ó thaobh na coimeádaíochta i mbliana ar léargas pearsanta fhoireann na Dánlainne ar an mbailiúchán ó thaobh monarú prionta de. Bhí saothar le Corban Walker, Robert Gibbings, Daniel Maclise, Joán Miro agus Pablo Picasso ar taispeáint in *Our Choice*. D'scail an Cathaoirleach John Bowen an taispeántas *Our Choice* ar an 5 Nollaig 2013 agus lean sé tríd go Márta 2014.

Bhí príomhthábhacht le haird agus aitheantas a chothú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i ndáil leis an dá thaispeántas d'ealaín chomhaimseartha, Mark Clare and Motivational Deficit. Dawn Williams a rinne an choimeádaíocht ar thaispeántas Mark Clare a bhí ar siúl ó Mheán Fómhair go mí na Samhna, agus a ghoin freagra fabhrach ón lucht meastóra agus a raibh gné-alt faoi san iris *Artforu*. Bhí taispeántas dar teideal *Motivational Deficit* ar siúl ina dhiaidh agus ba í Dawn Williams freisin a rinne an choimeádaíocht air. I measc na n-ealaíontóirí a ghlac páirt bhí Aaron Lawless, Michelle Browne, Brian Duggan, Anthony Haughey, Orla McHardy, Eoin McHugh, David Sherry agus Sonia Shiel. Tugadh aghaidh ar cheisteanna a bhain leis an gcúlú eacnamúil le blianta beaga anuas sna saothair sin.


DISTANT RELATIONS: Portráidíocht agus Péintéireacht Seánra i gCorcaigh sa 9ú haois déag

An 30 Meitheamh – Lúnasa 2014

Cuireadh go leor de na saothair ealaíne sa bhailiúchán buan a ndearnadh athchóiriú agus ath-fhrámáil orthu le blianta beaga anuas ar taispeáint sa Ghailearaí Uachtarach, i dtaispeántas san fhómhar a ndearna Fiona O'Brien an obair choimeádaíochta air dar teideal Distant Relations: Portraiture and Genre in Nineteenth Century Cork. Rinne an clár athchóirithe agus caomhnaithe leanúnach ag Dánlann Crawford aghaidheanna fear agus mná i gCorcaigh a bhfuil dearmad déanta orthu a nochtadh mar a bhí siad ina mbeo agus léargas ag an am céanna ar a saol ón taobh sóisialta, comhbhá agus spioradálta de. Aibhsíodh sa taispeántas freisin gnéithe de mhonarú lása, de phortráidíocht agus den saol sóisialta i gCorcaigh sa naoú haois déag.

SUNSHINE AND SHADOW: Aspects of British Impressionism 1920-1950

An 5 Aibreán – an 7 Meitheamh 2014




Aibhsíodh i dtaispeántas eile ón mbailiúchán buan, dar teideal Sunshine and Shadows: Aspects of British Impressionism 1920-1950, a suiteáladh sa Ghailearaí Uachtarach, saothair a fuarthas sa chéad leath den fhichiú haois. Cé nach raibh ceangal le haon ghrúpa foirmiúil ag na healaíontóirí a raibh saothair dá gcuid sa taispeántas seo, bhí modhanna oibre agus léiriúcháin traidisiúnta, mar chéad rogha, ag roinnt leo. Bhí na pictiúir uilig sa taispeántas seo ó bhailiúchán buan Dhánlann Crawford, agus ba trí Chiste Gibson na Dánlainne den chuid is mó a fuarthas iad i rith na 1920í agus na 1930í. Suit-

eáiladh The Art of the Silhouette in 19th century Cork i nGailearaithe Ealaíne na Linne Seo i mí Feabhra 2014, agus bhí Elena Rossi i mbun na coimeádaíochta ina leith; bhí 52 phortráid scáthchrutha, a bhfuarthas go leor acu le blianta beaga anuas agus nach raibh ar taispeáint roimhe ina measc. Leis na healaíontóirí Stephen O'Driscoll agus Auguste Edouart an chuid is mó de na saothair agus bhí portráidí de theaghlach Crawford ina measc. Bhí go leor portráidí de dhaoine suntasacha i saol sóisialta, polaitiúil agus eacnamúil Chorcaí sa naoú haois déag sa taispeántas.

SAMUEL FORDE: VISIONS OF TRAGEDY


An 16 Eanáir - An 22 Márta



Osclaíodh taispeántas de shaothar Samuel Forde, a raibh Micheál, Shane agus Shane Lordan i mbun na coimeádaíochta air, in éindí le Anne Boddaert ag gníomhú nar chaomhnóir na Dánlainne, sa Seomra Tionscadail an 16 Feabhra. Bhí líníochtaí arna bhfrámáil le déanaí ag Forde ina ghné den taispeántas in éineacht le péintéireacht mhór dá chuid, The Fall of the Rebel Angels. Bhí gné-alt faoi Forde arna scríobh ag Michael Waldron agus Shane Lordann in eagrán an Gheimhridh den Irish Arts Review. Bhí clár Rochtana agus Rannpháirtíochta an-leathan ar siúl in éindí leis an taispeántas lena n-áirítear seisiúin líníochta “Painting by Candlelight”, léirithe liteartha agus turais threoraithe iomadúla.

VISIBLE POETRY: SAMUEL PALMER (1805-1881)

An 30 Márta - an 14 Meitheamh 2014




Osclaíodh taispeántas ar an 3 Aibreán d'eitseálacha uile Samuel Palmer, ealaíontóir Briotanach ón naoú haois déag a bhfuil ard-mheas air. Tógadh na saothair sa taispeántas seo ó bhailiúchán príobháideach Edward Twohig agus ba é an chéad léiriú cuimsitheach in Éirinn é de shaothair Palmer.

Bhí sé ar na daoine ba thábhachtaí i Rómánsachas Sasana; taispeánadh saothar Palmer taobh ar taobh leis na saothair a spreag an t-ealaíontóir féin lena n-áirítear saothair de chuid Dürer, Turner, John Ruskin, Seymour Haden agus Francis Danby. D'éirigh go hiontach leis an taispeántas a lean ar aghaidh go dtí an 31 Bealtaine.

TRÍ CHÉAD BLIAIN D'EALAÍN ÉIREANNACH: BAILIÚCHÁN DHÁNLANN CRAWFORD

An 27 Meitheamh – An 30 Lúnasa



Trí leas a bhaint as tábhacht agus as ardchaighdeán bhailiúchán buan Dhánlann Crawford cuireadh ar taispeáint in *Three Centuries of Irish Art* saothair ealaíontóirí ó dheireadh an seachtú haois déag go dtí an lá atá inniu ann. De thoradh an taispeántais rinneadh crochadh forleathan in athuair ar na trí urlár san fhoirgnimh. Faoi mhí Iúil 2014 bhí os cionn sé chéad saothar ó bhailiúchán na Dánlainne ar taispeáint sna gailearaithe éagsúla. Bhí *Three Centuries* ar siúl go dtí deireadh Lúnasa agus meastar gur chéim shuntasach chun tosaigh a bhí ann maidir le seasamh Dhánlann Crawford mar Fhoras Cultúrtha Náisiúnta, a chur chun cinn.


Bhí tarraingt sa taispeántas ag líon mór de thurais threoraithe le cuairteoirí ag teacht in athuair chuig an dtaispeántas a líon na trí urlár den spás taispeántais uilig sa Dánlann agus a raibh taispeántais de théamaí aonaracha ina chodanna den iomlán. Bhí cuíid mhaith tráchttaireachta sna meáin chumarsáide ar a n-áirítear *The Irish Times*, *The Examiner*, *RTE News at Six O'Clock* agus *The Evening Echo*. Sheol Heather Humphries, an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, leabhar lán d'íomhánna ina raibh cur síos ar an athbhreithniú cuimsitheach seo ar bhailiúchán buan na Dánlainne.

Tugadh chun críche bliain na dtaispeántas sealadach trí iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a d'imir an cúlú sa gheilleagar ar an bpobal i gcoitinne agus ar an táirgeadh ealaíne leis an taispeántas *Motivational Deficit* agus leis an tionscadal *The Land of Zero*. Ar an 21 agus an 22 Samhain bhí Maud Cotter ina cathaoirleach ar sheimineár dar teideal *Land of Zero* mar a raibh cainteanna le Ed Krzema, Pádraig Spillane, Rachel Warriner, Sigune Hamann agus ealaíontóirí agus múinteoirí eile, chomh maith le suiteáil a rinne an t-ealaíontóir Clive Murphy ar an láthair.

Ar Ealaíontóirí rannpháirteacha eile bhí Aisling O'Beirn, Bill Albertini agus Angela Fulcher. Mar chuid den tionscadal seo cuireadh saothair le healaíontóirí a bhí rannpháirteach sa chúrsa iarchéime CIT "MA in Art Process" ar taispeáint.

MARK CLARE: I BELIEVE IN YOU

An 12 Meán Fómhair – An 1 Samhain



I mí Mheán Fómhair 2014, chuir Dánlann Crawford mórtaispeántas den ealaíontóir comhaimseartha Éireannach Mark Clare i láthair. Dawn Williams a rinne an choimeádaíocht ar *I Believe In You* a thugann léargais nua ar shaothar Mark Chláir, a dhéanann iarracht ina ról mar ghníomhaire cruthaitheach poiblí, dul i ngleic leis an míréir gan réiteach laistigh den tsochaí, agus aird a tharraingt uirthi, le linn dó grinnschrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna faoin domhandú, faoi sheasamh an duine aonair agus faoin spás poiblí. Thug an National Sculpture Factory taca don taispeántas; fuair sé a theideal ó cheann de

thrí shaothar a cruthaíodh go sonrach le haghaidh Dhánlann Crawford, agus bhí roinnt saothar tábhachtach ann ó na cúig bliana dheireanacha de shaothar Clare. I mí Eanáir 2015 tugadh *I Believe in You* ar turas chuig Dánlann an Model Niland i Sligeach.

Rinne ArtForum.com, *The Sunday Times*, *Enclave Review*, *Visual Artist Newsletter* léirmheas air. A bhuí le tacaíocht ó Model Niland d'fhoilsigh Dánlann Ealaíne Crawford leabhar ina raibh aistí le Declan Long, Mary Cremin agus Megan Johnston.

MOTIVATIONAL DEFICIT...

An 14 Samhain - An 17 Eanáir 2015



Bhí saothar ocht n-ealaíontóir chomhaimseartha Éireannacha ar taispeántas in Motivational Deficit. Michelle Browne, Brian Duggan, Anthony Haughey, Aaron Lawless, Orla McHardy, Eoin McHugh, David Sherry agus Sonia Shiel. Thug gach ealaíontóir díobh suntas ina mhodh oibre ealaíne don chaoi forleatach a tháinig an cúlú agus an ghéarchéime go téaltaitheach isteach i saol daoine agus léirscios ina dteannta in amanna.

Sa ghailearaí íochtarach a cuireadh an taispeántas i láthair agus b'ionann agus leigheas é ar an rud a dtugtar "motivational deficit" air, is é sin an chaoi a meastar beag fonn ag an bpobal bheith páirtíocht sa saol polaitiúil agus sóisialta mar a mbraitear go bhfuil caidreamh idir an tsochaí agus polasaithe rialtais a rialaíonn an tsochaí chomhaimseartha bheith ceangailteach ón taobh amuigh seachas aon chúis inmheánach bheith leo.

Dawn Williams a rinne an choimeádaíocht ar an taispeántas a cuireadh i dtoll a chéile tráth ar measadh fás nua bheith ag teacht ar gheilleagar na hÉireann. D'fhéadfaí na saothair a fheiceáil mar shraith de chomharthaí treora-cha, freagra ón lucht meastóra ar an gcéad ásc agus meabhrúchán smaoineamh a dhéanamh faoi conas bogadh ar aghaidh ó shraith imthosca socheacnamaíocha faoi leith ar an dara ásc. Bhí tráchttaireacht sna meáin chumarsáide ar a n-áirítear The Irish Arts Review, The Independent, The Guardian, The Irish Times, and The Sunday Times.

THE LAND OF ZERO:

An 21 Samhain - An 13 Nollaig

Reáchtáladh an taispeántas i gcomhthráth le Motivational Deficit sa Dánlann Uachtarach, tugadh cuireadh air don ealaíontóir agus coimeádaí, Maud Cotter: cruthaíodh leis seimineár agus taispeántas idirnáisiúnta a rinneadh iniúchadh ar chúrsaí ealaín i dtréimhse a raibh cúlú sa gheilleagar, agus ar an gcaoi a bhfuil an táirgeadh ealaíne ag athrú. Tionscnaíodh 'saotharlann' d'fhonn daoine i mbun obair ealaíne ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, maille le hIarchéimí MA:AP Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Choláiste Ealaíne Crawford agus Choláiste na hOllscoile, Corcaigh a cheistiú agus a scrúdú; mar chuid den tionscadal bhí plé, comhroinnt eolais, agus conas taispeántais a dhéanamh. Thug IT Chorcaí, Coláiste Ealaíne Crawford, Tionscadail Pluck, Comhairle Chathair Chorcaí agus an Mhonarcha Náisiúnta Dealbhadóireacha tacaíocht dó.

Suiteálacha Físeáin sna Dánlanna Príomha agus sa Seomra Scáileáin

AMANDA DUNSMORE, 'David'

Eanáir 17 - Aibreán 5, 2014




Físeán comhaimseartha le Amanda Dunsmore ba ea David (2013), a taispeánadh sa Seomra Scáileáin thar théimhse ó mí Eanáir go hAibreán 2014. Tugtar suntas san fhíseán don Seanadóir David Norris, fear feachtais Éireannach chun tosaigh maidir le cearta an lucht aeraigh.

Tugann físeán uathúil tostach Dunsmore deis don lucht féachana am a chaitheamh chun taithí a fháil trína phortráid ar an duine taobh thiar de phearsantacht phoiblí an tSeanadóir Norris. Bhí an léiriú ar scannán ar siúl ar an Satharn, 8 Márta, agus bhí caint phoiblí, a raibh Liz Burns, Bainisteoir Clár Ealaíon, Stiúideónna Stáisiún Dóiteáin, Baile Átha Cliath; Christine, lucht Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinsneach Scothaosta, Gaillimh agus Amanda Dunsmore páirteach, ar siúl chun taca a thabhairt dó. Bhí tráchttaireacht sna meáin chumarsáide ar a n-áirítear The Guardian 'Guide', The Examiner agus Visual Artists Newsletter. Bhí tráchttaireacht sna meáin chumarsáide ar a n-áirítear The Guardian 'Guide', The Examiner agus Visual Artists Newsletter.

KENNEDY BROWNE: The Myth of the Many in the One

An 11 Aibreán - An 7 Meitheamh




Bunadh an scannán ar thaighde cuimsitheach a rinne Kennedy Browne faoi bheathaisnéis ghnó chomhaimseartha agus díritear ann ar pháiste óg gníomhach a théann ag taiscéal úlloird réamh-Silicon Valley Le linn dó díriú ar na cuntais a scríobhadh faoi shaol na ndaoine seo agus iad ina bpáistí, déanann Kennedy Browne iarracht an miotas faoi cheannairí aislíngacha na forbartha teicneolaíochta agus an áit inár gcultúr is dual dóibh a ghrinniú. Ceistítear sa scannán conas is féidir scéalta dá leithéid a insint. I gcaint a raibh freastal maith uirthi ar an 18 Aibreán rinneadh plé agus páirtíocht a chur chun cinn i ndáil leis an saothar.

HASSAN HAJJAJ, 'My Rock Stars Experimental, Volume I'

NASSIEM VALAMANESH, 'Distant Words' agus The Guardian 'Guide'.

An 17 Eanáir - An 1 Márta 2014



Tugadh cuireadh do Rose Issa, saineolaí mór le rá maidir le dearcealaíon agus scannáin chomhaimseartha de thionscnamh an domhain Arabaigh agus na hIaráine chun an choimeádaíocht a dhéanamh ar shuiteáil sa ghailearaí íochtarach. Déanann Hassan Hajjaj agus Nassiem Valamanesh ina gcuid saothar scrúdú ar an gcomhéadan taobh istigh de chultúir agus idir chultúir atá ag cumasc. Thug Hassan Hajjaj mar ealaíontóir caint faoina chuid shaothair ar an Déardaoin, 20 Márta. Rinneadh léirmheas fabhrach faoin taispeántas in Enclave Review, agus in Visual Artists Newsletter.

AN CLÁR OIDEACHAIS 2014

Tá an Club Déardaoine, na Cláir Arts and Minds agus na Cláir do Dhéagóirí ag dul ar aghaidh go rathúil. Beidh clár Rochtana & Rannpháirtíochta ann mar chuid de thaispeántas Samuel Palmer ag tosú leis an turas Tionsc-naimh faoi stiúir Edward Twohig ar an 3 Aibreán agus ag leanúint ar aghaidh ar feadh mí Aibreáin.

Rinneadh Féile Bealtaine a cheiliúradh i nDánlann Crawford trí thaispeántas ‘pop-up’ a reáchtáil, mar ar chuir na rannpháirtithe saothair ealaíne neamhfhrámaíthe dá gcuid ar taispeáint go neamhfhoirmeálta i gcásanna taispeántais ar fud na Dánlainne. Ba é an 7 Bealtaine buacphointe an tionscadail idirghlúine seo. Bhí Scoil Náisiúnta na gCailíní sa Tóchar agus Áras Cúraim Cónaithe Chúirt Uí Chonaill agus Tionscadal Forbartha Pobail Bhaile Féitheán/Tóchair páirteach ansin. Cuireadh clár oiliúna ar ar tugadh “Creative Exchanges” ar siúl sa Seomra Oideachais faoi stiúir an eagrais, Aostacht agus Deiseanna, go luath i mí Bealtaine.

Díríodh ar Samuel Palmer le linn an Lae Líníochta Bliantúla agus bhí an taispeántas sin ar siúl ar an Satharn, 24 Bealtaine. Thug grúpa ó NCBI, an ghníomhaireacht náisiúnta maidir le cailliúnt radharc na súile cuairt ar an Dánlann i mí Bealtaine.

Tá ról lárnach leis an gclár i ndáil le Rochtain agus Rannpháirtíocht ó thaobh cuidiú le Dánlann Crawford na príomhaidhmeanna agus na príomhchuspóirí atá aici a bhaint amach.

Cuirtear leis an tuiscint atá ar an acmhainn shaibhir oideachais atá i gceist leis an mBailiúchán Buan agus le clár na dtaispeántas. Leagtar amach gach tionscnamh sa chaoi is gur féidir leis an bpobal an ealaín a thapú go gníomhach agus sa chaoi go bhfuil deiseanna léirthisceana ar fáil chun na críche sin. I rith na bliana 2014, bhí an fhoireann Oideachais, faoi threoir Anne Boddaert, ag díriú ar áis a dhéanamh do ghrúpaí a bheadh i mbaol a gcoinneáil amach. Tá caidreamh dlúth idir an Dánlann agus Cumann Cathaoir Rothaí na hÉireann sa chathair agus ar fud an chontae. Cuidíonn an Cumann le daoine a bhfuil lagú colainne agus gluaisteachta orthu ina n-áit chónaithe agus sa phobal.

D’fhreastail Emma Klemencic ar chomhdháil bhliantúil Mhúinteoirí Ealaíne na hÉireann i nGaillimh ar an 11 Deireadh Fómhair. Ar an 16 Deireadh Fómhair, thug an tAire Kathleen Lynch cuairt ar an Dánlann, chun dioplómaí a thabhairt dóibh siúd a bhí páirteach i Malartuithe Cruthaitheacha (Creative Exchanges), cúrsa FETAC d’oideoirí ealaíne. Bhí Coláiste na Mainistreach Thuaidh agus Scoil Naomh Gabriel i mBaile an Easpaig i measc na meánscoileanna ar cuairt. Tháinig dreamanna eile ar cuairt, ar a n-áirítear Grúpa Gníomhach ar Scor ó Ghleanntáin agus caibidil an Mhala de Chumann Cathaoir Rothaí na hÉireann. D’oibrigh Julie Forrester i gcomhar le grúpa ó Arts and Minds sa Seomra Oideachais ar an 3ú urlar.

Bhíodh cúrsa sa scríbhneoireacht chruthaitheach arna spreagadh ag saothair ón mbailiúchán buan, agus faoi stiúir Laura McKenna, ar siúl sa Seomra Oideachas gach Aoine.

Tháinig grúpa ó Ionad Ealaíne Iarthar Chorcaí ar cuairt an 17 Samhain. Tháinig Scoil Náisiúnta an Tóchair, Clár Glasheen Artists Studio, agus grúpaí Pobail Bhaile Féitheán/ Tóchair ar cuairt chomh maith. Ba í Gillian Cussen a bhí i gceannas ar Chlár Cuairte Lonradh.

ROCHTAIN AGUS RANPHÁIRTÍOCHT CHRUTHAITHEACH:

Achoimre ar bheartaíocht na bliana 2014



Clár Leanúnach maidir le Cuairteanna faoi Threoir

I rith na bliana 2014, bhí an Dánlann ag cothú caidrimh le grúpaí a bheadh i mbaol a gcoinneáil amach in amanna mar gheall ar dheacrachtaí gluaisteachta nó ar ghanntanas acmhainne. Chuaigh an Dánlann i mbun clár líníochta le Scoil Náisiúnta na gCailíní sa Tóchar. Bhí cuairteanna ar an Dánlann agus seisiúin for-rochtana sa scoil mar chuid den chlár.

Cláir do Dhéagóirí

Trí shraith théamacha 10 seachtain ar fhad: Ullmhúchán portfóilió, líníocht, agus graifítí stionsail. Ranganna Ealaíne do Dhaoine Óga ar an Satharn.

Ceardlanna sa Bheochan i rith an tSamhraidh

Lonradh Clár áise Dhánlann Crawford do dhaoine le néaltrú agus dá gcúramóirí. Dhá sheisiún in aghaidh na míosa, ceann a bhí oscailte do chách agus ceann lena ndíríodh go sonrach ar dhaoine ó Dhroichead na Bannan. Ní raibh táille ar bith le hóc i ndáil leis an glár sin agus thug Cumann Alzheimer agus FSS tacaíocht dó.

Seisiún Arts+Minds

na Dánlainne do dhaoine fásta a bhfuil galar meabhrach ag gabháil dóibh.

Comórtas Scríbhneoireachta

D'fhoill Three Centuries of Irish Art a cheiliúradh, sheol an Dánlann comórtas scríbhneoireachta nua. Tuagadh cuireadh do scríbhneoirí filíocht, ficsean nó próis, arna spreagadh ag 24 shaothar ealaíne roghnaithe ón mbailiúchán buan, a chur isteach.



Caidreamh Pobail le Tionscadal Forbairt Pobail Bhaile Féitheán

I bhfómhar na bliana 2013, chuir Dánlann Crawford tús le tionscadal idirghlúine, le linn di a raon feidhme a leathnú sa dóigh go mbeadh deis ag grúpaí sa phobal i gcoitinne bheith páirteach: S Leanadh den chlár in 2014 agus bhí rath air. Bhí taispeántais ar siúl a bhí dírithe ar na gnéithe foirmiúla de líne, de dhath, de chomhdhéanamh agus de cholláis agus bhí béim ar phróiseas, spraoi agus faidhbeanna a réiteach.

Bhain cuid eile den tionscadal le beochaintí comhoibritheacha a chruthú. Cuireadh na beochaintí sin ar scanán le linn Fhéile na Foghlama ar feadh an tSaoil.



Bealtaine agus aosú dearfach

Bhí an téama ‘Dubh agus Bán’ ag an tsraith thuras agus cheardlanna Bealtaine i mbliana. Ina theannta sin, agus i gcomhcheangal leis an tionscadal pobail idirghlúine bhí taispeántas pop up mí ar fhad scaipthe ar fud bhailiúchán na Dánlainne.

Club Déardaoín

Oscailte do dhaoine fásta, bíonn cuairt shaindirithe i gceist le healaíontóir gairmiúil, tae/caifé agus plé, agus seisiún i mbun ealaíne ina dhiaidh sin. Bíonn an bhéim ar fhiosrúchán agus ar thaitneamh a bhaint as an obair.

R Bhí éileamh mór ar áiteanna agus ba ghá liosta feithimh a chur i bhfeidhm.

Lá Líníochta Náisiúnta

Ceiliúradh lae líníochta.



An 11ú Féile Chorcaí den Fhoghlaim ar feadh an tSaoil

Dé Luain 7 Aibreán go Domhnach 13 Aibreán 2014

Turas treoraithe saor in aisce ar thaispeántas Samuel Palmer. Ba mhinic a tugadh aislingeach air; bhain anchuid samhlaíochta leis na pictiúir a rinne sé ina bhfuil súil siar ar aimsir na hóige agus ar an aimsir atá caite.

An tSeachtain Oidhreacht 2014

Ceithre cinn de thurais agus cheardlanna. Tugadh na rannpháirtithe faoi threoir tríd an bpróiseas a bhaineann le pointe tirim nó le prionta mono-screen a mhonarú le linn dóibh inspioráid a fháil ó *The Art of the Silhouette in 19th Century Cork*.

Oíche Cultúir



Ba dheis é, eagrán na bliana 2014, ar tháinig nach beag 1,900 cuairteoir ann, chun díriú ar scáthchruthanna; shuiteáil an dánlann scáileáin scátha sa seomra fada. Thugamar cuireadh freisin d’ealaíontóirí ó Tionscadal Glasheen Artists Studio a dtacas ealaíne a chur ina seasamh sa Dánlann ar feadh an tráthnóna.

An aidhm leis sin ba ea deis ar Oíche Chultúir a thabhairt do dhaoine nách raibh in ann teacht go dtí na himeachtaí sin níos mó. Chaith an ealaíontóir scáthchrutha Allison Russell an tráthnóna in ospidéal Naomh Fionnbarra. Chruthaigh sí portráidí beaghostasacha maille le cuimhneacháin teaghlaigh. Rinne t-an t-ealaíontóir scáthchrutha portráidí i bhformáid laghdaithe den té a bhí ina shuí os a comhair ag baint úsáide as siosúr amháin chun imlíne comhchosúil le haigne an duine a dheanamh as páipéar dubh.

*“Más déanach fós é, go raibh maith agat as an seisiún a chuir tú ar bun Dé hAoine seo caite;
creidim go raibh an-tóir ar an líníocht scáthchrutha.*

B’iontach an chaoi a raibh sé chun leasa na gcónaitheoirí. Go raibh maith agat as dul go dtí na bardaí fadchónaithe. Tá muid buíoch as na naisc le Dánlann Crawford agus bheadh suim againn i dtionscadail eile dá mba amhlaidh gur cuireadh ar fáil iad.

*Le Dea-Mhéin,
Mary J”*

Mary J. Foley, Ardchleachtóir Altranais

SAMUEL FORDE: VISIONS OF TRAGEDY

Clár fairsing de cheardlanna, de chainteanna, de thurais agus de léirithe. Tugadh cuireadh do chuirteoirí freisin lorg Samuel Forde a leanúint tríd an Dánlann agus féachaint na saothair ealaíne a bhaineann leis an taispeántas a aimsiú.



VISIBLE POETRY

An 4 Aibreán An 14 Meitheamh, 2014

Eitseálacha uile Samuel Palmer (1805-1881) maille le saothair bhreise lena theaghlach, lena chairde agus lena lucht leanúna

Bhí sraith de thurais agus de léachtaí ag gabháil leis an taispeántas.

MARGAÍOCHT AR DHÁNLANN CRAWFORD

Chuir fochoiste an bhoird APSC polasaí margaíochta le chéile don Dánlann a bh/ dírithe ar thurasóirí chomh maith le hearnálacha sainspéise a mhealladh, mar shampla, lucht léinn, cumainn chultúir, grúpaí pobail agus dreamanna a eagraíonn turais go Corcaigh. Is é a mheall na cuairteoirí sin, taispeántais den ealaín chomhaimseartha agus den ealaín stairiúil, taispeántais ghrúpaí ealaíontóirí agus taispeántais de shaothair ar iasacht. Leanadh den dánlann a chur chun cinn tríd an siopa leabhar agus trí chatalóga a dhíol chomh maith le priontaí agus athleaganacha de shaothair ealaíne a bheith ar díol.

Foilsíodh réimse nua priontaí, cártaí poist agus cártaí beannachta lena raibh béim ar shaothair ón mbailiúchán buan. Díríodh go sonrach ar lucht airdill thar lear trí thráchttaireacht eagarthóireachta agus trí fhógraíocht, chomh maith leis an láithreán gréasáin a thabhairt chun cinn agus catalóga a dháileadh agus a dhíol.

Díríodh ar dhaoine in Éirinn ar bhealaí den chineál céanna, go mór mór trí thráchttaireacht eagarthóireachta agus trí léirmheasanna sna nuachtáin agus sna hirisí. Tharraing clár na dtaispeántas, maidir le healaín stairiúil agus ealaín chomhaimseartha araon, aird shuntasach agus trácht ar an Dánlann.

Ní raibh neamhaird ar mhuintir an cheantair agus lean an Dánlann den pháirtnéireacht ghníomhach in imeachtaí éagsúla de leithéid Fhéile Scannánaíochta Chorcaí, Féile Lár an tSamhraidh agus imeachtaí eile i gCorcaigh.

Ar an 3 Nollaig sheol an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta Heather Humphreys leabhar dar teideal *Three Centuries of Irish Art: The Crawford Art Gallery collection*, ina bhfuil os cionn céad saothair ealaíne ó Dhánlann Crawford. Tá os cionn céad saothar ón mbailiúchán sa leabhar agus tugtar suntas ann do go leor saothair a caomhnáodh agus a ndearnadh athchóiriú orthu le blianta beaga anuas, ina measc, *Cupid and Psyche* le Edward Ambrose, *The Fall of the Rebel Angels* le Samuel Forde agus *Excelsior* le Edward Sheil, ar cuireadh uilig iad ar taispeáint don phobail sa Dhánlann.

CAIRDE DHÁNLANN CRAWFORD

Thug Cairde na Dánlainne tacaíocht maidir le clár taispeántais na Dánlainne agus maidir lena héadálacha don bhailiúchán buan. Ba mhór ag an Dánlann an tacaíocht ó Chairde na Dánlainne do thaispeántas Samuel Forde.

Leanadh de chlár cuairteanna na gCairde ar thithe oidhreacht agus ar iarsmalanna, agus is go Málta a ch-uathas ar an turas bliantúil in éindí le deich nduine fhichead de na Cairde. Sular tugadh faoin turas, thug Vera Ryan léacht ar shaol agus ar shaothar Caravaggio i Málta.

Bhí go leor daoine i láthair le linn cuairte a thug na Cairde ar an 27 Bealtaine ar Theach Curraghmore i gCo Phort Láirge agus ar Theach Ballynatrea i gCo Chorcaí.

I gclár léachtaí na gCairde san fhómhar díríodh ar ócáid shuntasach maidir le staidéar stair ealaíne na hÉireann, is í sin, foilseachán na gcúig imleabhar de *Art and Architecture of Ireland*.

Cuimsítear sa tsraith leabhar seo a d'fhoilsigh Yale University Press i mí na Samhna 2014, ealaín na hÉireann ón tréimhse mheánaoiseach tríd síos go dtí an lá atá inniu ann. Ar na daoine ar tugadh cuireadh dóibh cainteanna a thabhairt ag an Dánlann bhí na heagarthóirí Catherine Marshall, Livia Hurley agus Paula Murphy. An 21 Samhain, thug Vera Ryan caint faoi shaol agus shaothar Joseph Higgins.

LÍON na gCUAIRTEOIRÍ

DÁNLANN CRAWFORD	Eanáir go Nollaig 2013	Eanáir go Nollaig 2014
	177,409	170,887

[Click here to view the financial statement for 2014.](#)

